C/2025/2752

8.5.2025

Fógra le haghaidh BOUYERI, Mohammed (ar a dtugtar freisin Abu Zubair; ar a dtugtar freisin Sobiar; ar a dtugtar freisin Abu Zoubair), Páirtí Cumannach na nOileán Filipíneach, lena n-áirítear Arm Nua an Phobail (APN), Ejército de Liberación Nacional (Ejército de Liberación Nacional nó 'ELN'), Revolutionary Peoples' Liberation Party/Front (Devrimci Halk Kurtulus Partisi - Cephesi) (DHKP-C) agus Sendero Luminoso – 'SL' ('Shining Path'), atá ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

(C/2025/2752)

Dírítear aird BOUYERI, Mohammed, (ar a dtugtar freisin Abu Zubair; ar a dtugtar freisin Sobiar; ar a dtugtar freisin Abu Zoubair), Páirtí Cumannach na nOileán Filipíneach, lena n-áirítear New People's Army (NPA), Ejército de Liberación Nacional (an tArm um Shaoradh Náisiúnta nó 'ELN'), Revolutionary People's Liberation Party/Front (Devrimci Halk Kurtulus Partisi - Cephesi) (DHKP-C) agus Sendero Luminoso – 'SL' ('Shining Path'), ar duine agus grúpaí iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2025/207 ón gComhairle [1] agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/206 ón gComhairle [2] an 30 Eanáir 2025 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh an duine agus na ngrúpaí thuasluaite a choinneáil agus ráitis leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Leis seo, cuirtear in iúl don duine agus do na grúpaí lena mbaineann, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe maidir lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, roimh an **19 Bealtaine 2025**, ag an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi bhráid: ainmníochtaí COMET)
Secrétariat général
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L, 2025/207, 30.01.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/207/oj.
[2] IO L, 2025/206, 30.01.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/206/oj.